

Uimhir Aitheantais TUSLA:	TU2023GY006
----------------------------------	-------------

Ainm na Seirbhíse:	Naíonra Scoil Mhuire
---------------------------	----------------------

Seoladh na Seirbhíse:	Scoil Mhuire, Corr na Móna, Co.na Gaillimhe
------------------------------	---

Eirchód:	F12 WV77
-----------------	----------

Ainm an tSoláthraí Chláraithe:	Ray Mac Pháidín
---------------------------------------	-----------------

Cineál na Seirbhíse	Seisiúnach
----------------------------	------------

Dáta na Cigireachta:	07/01/2026
-----------------------------	------------

Líon na leanaí réamhscoile:	r.n	8	i.n	n/b
------------------------------------	-----	---	-----	-----

Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:	Cigireacht na Luathbhlianta, An Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil agus Riaracháin, Bloc A- (1ú Urlár-Conair Ghlas), Páirc Mherline, Gaillimh.
Cigireacht arna déanamh ag:	F Nic Dhonnacha
Teideal :	Cigire na Luathbhlianta

Údarás chun cigireacht a dhéanamh

Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013).

Coinníollacha, má bhaineann le hábhar	Neamhbhainteach
--	-----------------

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cur síos ar an tseirbhís

Tá an tseirbhís sheisiúnach seo lonnaithe i seomra ranga i scoil náisiúnta Scoil Mhuire, Cór na Móna, Co. na Gaillimhe. Cuireann an réamhscoil Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) agus cláir chúraim seisiúin ar fáil ó 9.00hrs go 12.00hrs Luan go hAoine ar feadh 38 seachtaine den bhliain. Is éard atá sa tseirbhís seomra súgartha amháin le háiseanna sláintíochta. Cuirtear an tseirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tá sí faoi rialú Comhar Naíonraí na Gaeltachta. Tá limistéar scíthe ciúin ar fáil do na páistí sa seomra súgartha. Tá limistéar súgartha ainmnithe lasmuigh le limistéar foscadh uile-aimsire ar chúl agus limistéir súgartha eile chun tosaigh an áitribh, a roinneann an tseirbhís ag sliotáin ama leithdháilte leis na páistí in aois scoile. Cuireann an réamhscoil curaclam réamhscoile bunaithe ar leasanna an pháiste atá ag teacht chun cinn.

Soláthar foirne

Tá an soláthraí cláraithe neamh uimhriúil agus ní sa áitreabh ar bhonn laethúil. Bhí an duine ainmnithe i gceannas ar an láthair le linn na cigireachta. Bhí duine fásta breise ann a sholáthraíonn tacaíocht tríd an tsamhail rochtana agus cuimsithe cúraim. Tá duine teagmhála éigeandála sa scoil náisiúnta más gá. Tá beirt bhall foirne san iomlán, seachas an soláthraí cláraithe, ag obair san áitreabh faoi láthair le Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag Leibhéal 5 go Leibhéal 6 ar a laghad i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige. Tá fianaise dhoiciméadach ag an bhfoireann maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach.

Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláráithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís
- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
 - Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
 - Breathnú díreach
 - Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhóbartha é seo, agus díródh ar rialachas, sláinte, folláine agus forbairt an linbh, sábháilteacht, áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Mar sin féin, ar iniúchadh, sainaitníodh neamhchomhlíonadh breise a bhí ina riosca faoi Rialachán 23, 27 agus faoi Rialachán 29. Tá na torthaí seo leagtha amach sna rialacháin ábhartha sa tuarascáil seo.

Baineadh úsáid as próiseas samplála chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh faoi Rialachán 16 Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaitnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláráithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfean an plean um Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláráithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádaí an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomasaíonn ábhar na tuarascála.

Buíochas

Is mian leis an gCigireacht buíochas a ghabháil leis an duine i gceannas agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-

(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,

(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh.

(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–

(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,

(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,

(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus

d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.

(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.

(6A) Ní bhainfidh mír (4) le fostaí soláthraí cláraithe más rud é - (a) go bhfaigheann an soláthraí cláraithe maoiniú chun an fostaí sin a fhostú de bhun scéime arna maoiniú ag an Aire ar a dtugtar an Múnla um Rochtain agus Cuimsitheacht, agus (b) go bhfostaítear an fostaí ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil, de bhun na scéime dá dtagraítear i bhfomhír (a), do leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís chun páirt a ghlacadh sa chlár ar a dtugtar Clár cistiúcháin um Chúram agus Oideachas na Luathóige (ECCE)”.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(a) Tá soláthraí cláraithe ann atá neamh uimhriúil agus nach bhfuil ar an láthair, tá duine ainmnithe i gceannas a bhí ar fáil de réir mar ba gá.

(b) Bhí an duine ainmnithe i gceannas ar fáil le linn na cigireachta.

Bhí ceathrar chomhad foirne ar fáil maidir leis an soláthraí cláraithe, an duine atá i gceannas, an duine tacaíochta aidhmeanna agus an duine teagmhála éigeandála.

I measc na dtorthaí bhí an méid seo a leanas:

(2)(a) Fuarthas cuigear thagairt ó iar fhostóirí agus bailíochtaíodh iad.

(b) I gcás nach raibh theistiméireachtaí fostóra roimhe seo ar fáil, fuarthas triúr thagairt ó fhoinsé seachas iarfhostóir agus rinneadh iad a bhailíochtú.

(c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do na dhuine fásta. Léirigh an tseirbhís freisin comhlíonadh Fhógra Rialála na Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana.

(d) Ní raibh grinnfhiosrúchán póilíní idir náisiúnta ag teastáil, toisc nach raibh aon bhall foirne ina gcónaí i stát eile ar feadh tréimhse níos faide ná se mhí mar dhuine fásta.

(4) Bhí cáilíochtaí Cúraim agus Oideachais Luath-Óige ag an bhfoireann a bhí ag obair go díreach leis na leanaí ó Leibhéal 5 go Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

(6A) Fostaíodh duine fásta amháin faoin tsamhail rochtana agus cuimsithe cúraim chun tacaíochtaí breise a thabhairt.

Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

Rialachán 11 - Leibhéal Foirne

(1) *Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí*

(3) *Faoi réir mhír (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnach go gcomhlíonfar i gcónaí an cóimheas íosta idir aosaigh agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 2 de Sceideal 6 os coinne uimhreacha tagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) dá bhrí sin ag an uimhir thagartha sin.*

(8) *Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

(c) áiritheoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnach go mbeidh, i gcás ina n-oibríonn an duine i gceannas an tseirbhís ina aonar, go mbeidh an dara duine a bhfuil cur amach aige ar oibriú na seirbhíse agus atá in ann cúnamh a sholáthar don duine atá i gceannas i bhfeidhmiú na seirbhíse i gcónaí laistigh d'achar gar don tseirbhís agus go mbeidh sé ar fáil chun freastal ar an tseirbhís chun cabhrú leis an duine atá i gceannas i gcás éigeandála.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) I gcónaí le linn thréimhse na cigireachta, chinntigh an duine atá i gceannas go raibh líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na leanaí.
- (3) Léirigh fianaise dhoiciméadach i bhfoirm taifid tinrimh leanaí agus uainchláir foirne gur cloíodh le cóimheasa leanaí agus daoine fásta.
- Ar maidin na cigireachta, bhí ochtar leanbh réamhscoile idir tri bliana dha mhí agus cuig bliana dha mhí d'aois.
- Bhí fhoireann amhain cúram leanaí ag obair go díreach leis na páistí ar lá na cigireachta.
- (8)(c) Oibrítear an réamhscoil ina haonar dhá lá sa tseachtain agus le tacaíocht bhreise faoin tsamhail cúraim rochtana agus cuimsithe trí lá sa tseachtain. Tá duine teagmhála éigeandála ar fáil sa scoil náisiúnta chun cúnamh breise a chur ar fáil don duine atá i gceannas i gcás éigeandála.

Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:

(g) na beartais, na nósanna imeachta agus na ráitis a cheanglaítear ar an tseirbhís a chothabháil de réir

Rialachán 10;

(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;

(i) mionsonraí i dtaobh uainchlár foirne ar bhonn laethúil;

(k) sonraí faoi aon tionóisc, díobháil nó teagmhas a bhaineann le leanbh réamhscoile a bhí ag freastal ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

(1)(g) Bhí fillteán chrua ar fáil le beartais agus nósanna imeachta nua shonraithe uile na seirbhíse. Ina theannta sin bhí lámhleabhar ar fáil do thuismitheoirí le polasaithe, nósanna imeachta agus ráitis na seirbhíse.

(h) Rinneadh sonraí faoi fhreastal leanaí a thaifeadadh go cruinn.

(i) Bhí uainchlár foirne ar fáil ar an láthair.

(k) Taifeadadh sonraí faoi thimpistí agus teagmhais agus bhí fianaise ar fáil go raibh thuismitheoirí curtha ar an eolas tar éis timpiste nó teagmhas a bhaineann lena leanbh.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—

(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Riachtanais Bhunúsacha

(1)(a)

- Chuir na tuismitheoirí/caomhnóirí sneaiceanna/béilí na bpáistí ar fáil agus bhí cupáin líonta le huisce ag gach páiste a d'fhéadfaidís rochtain a fháil orthu i rith an tseisiúin. Chuir an tseirbhís bia sláintiúil chun cinn.
- Bhí a gcuid sneaiceanna/béile ag na páistí sa timpeallacht faoi dhíon agus an t-am seo á úsáid acu mar dheis chun idirghníomhaíochtaí sóisialta leis na páistí a fheabhsú. Bhí an sneaiceanna a breathnaíodh sláintiúil agus cothaitheach agus éagsúil, mar shampla, bhí ceapairí le liamhás nó cáis, fillteáin, crackers, iógart agus torthaí mionghearrtha ag roinnt páistí.
- Bhí rochtain ag na páistí ar éadaí cuí agus fearas báistí le buataisí dá gcuid ama sa timpeallacht lasmuigh. Bhí éadaí breise ar fáil má bhí athrú éadaí ag teastáil ó na páistí le linn an tseisiúin.
- Bhain na páistí úsáid as an limistéar sláintiúchta taobh istigh agus cuireadh cúnamh ar fáil má iarradh. Níor chaith aon leanbh clúidín ar lá na cigireachta.
- Bhí limistéar scíthe ar fáil sa seomra súgartha le tolg bog wipeable agus cathaoir in aice leis an limistéar léitheoireachta.
- Sa limistéar foscadh uile-aimsire taobh amuigh ar chúl an áitribh, bhí rochtain ag na páistí ar shuíocháin binse adhmaid suite.
- Breathnaíodh ar na páistí ag an tráidire tuff ina raibh uisce agus ciúbanna oighir, agus chonacthas roinnt páistí ag breathnú ar leabhair agus puzail sa seomra súgartha.

Ag Tacú le Caidrimh

- Chuaigh an duine i gceannas i dteagmháil leanúnach leis na leanaí ar lá na cigireachta, thug sé leideanna nuair ba ghá agus thairg sé suaimhneas de réir mar is gá.

- Bhí cead ag na páistí a gcuid gníomhaíochtaí féin a roghnú sa limistéar súgartha lasmuigh agus d'fhéadfaidís a gcuid gníomhaíochtaí a athrú más mian leo.
- De réir mar a tháinig na tuismitheoirí chun a gcuid páistí a bhailiú, phléigh an duine atá i gceannas lá an linbh agus aon cheisteanna suntasacha a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun cinn le linn an tseisiúin.
- Bhí leabhar scríbhneoireachta ag gach páiste lena gcuid saothar ealaíne, smaointe agus téamaí curtha le chéile agus tuairimí ón bhfoireann san áireamh. Lónadh gach leabhar scrap i rith na bliana agus bronnadh é ar gach tuismitheoir/caomhnóir ag deireadh na scoil bhliana.
- Bhí go leor áiseanna foghlama amhairc sa timpeallacht faoi dhíon - póstaí oideachais, leideanna, grianghraif teaglaigh agus saothar ealaíne a rinne na páistí.
- Breathnaíodh ar na páistí ag súgradh sa limistéar súgartha amuigh faoin aer. Chonacthas na páistí ag imirt i bhfolach, ag súgradh le carranna bréagán agus gaineamh, ag súgradh le liathróidí agus leis an fonsa cispheile agus bhain roinnt páistí úsáid as na rothair cothromaíochta agus rinne siad cosán timpeall na mboinn agus iad ar na rothair.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinntoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinntoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

Sábháilteacht Ghinearálta:

- Bhí an príomh bhealach isteach chuig an scoil daingnithe go cuí agus an doras isteach chuig an seomra súgartha daingnithe.
- Taifeadh teacht agus imeacht na bpáistí chuig an tseirbhís ar an leabhar rolla tinrimh leanaí. Ina theannta sin, tá feidhmchlár leictreonacha in úsáid ag an tseirbhís.
- Coinníodh na hábhair agus an trealamh súgartha sa seomra súgartha i riocht maith.
- Taifeadh teocht an tseomra súgartha faoi dhíon laistigh de ghnáth theorainneacha ag 17.8°C.

Rialú Ionfhabhtuith:

- Bhí soláthairtí glantacháin ar fáil agus ní raibh siad inrochtana do na páistí réamhscoile.
- Bhí an limistéar sláintíochta feistithe go cuí le huisce reatha te, gallúnach leachtach, tuáillí páipéir láimhe agus bosca bruscair coise ar fáil.

- Nígh na páistí agus na daoine fásta a lámha ag eatrainmh chúí tar éis gníomhaíochtaí, leithris agus roimh am béile.
- Stóráladh boscaí lóin na bpáistí sa chuisneoir seirbhíse sa seomra súgartha faoi dhíon.

Sábháilteacht Dóiteáin:

- Bhí na doras dóiteáin saor ó bhac.
- Bhí taispeántais shoiléire amhairc den nós imeachta aslonnaithe agus na céimeanna atá le leanúint i gcás tine.
- Bhí comhartha soiléir infheicthe ag aithint an phointe tionóil sa limistéar súgartha lasmuigh os comhair an áitribh.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Sábháilteacht Ghinearálta

Bhí baol contúirte agus díobhála do na páistí réamhscoile ag stóráil míchuí míreanna sa limistéar foscadh uile-aimsire sa limistéar súgartha lasmuigh cúl.

1. Bhí plionta fada adhmaid liath a bhí trom cosúil le barr cuntair (thart ar 8-10 troigh ar fhad) ina luí ar dhá shean bhinse scoile adhmaid. Ag thart ar 10.45r.n chonacthas páiste amháin ag súgradh le carranna bréagán ar an gcuntar seo agus bhí páiste amháin eile i bhfolach faoi. Tar éis comhrá leis an duine a bhí i gceannas, dúirt sí gur leis an scoil é agus go raibh sí ag fanacht go dtógfaí as an áit é. Bhí baol tromchúiseach ann go dtitfeadh sé seo agus go ndéanfaí dochar do na páistí réamhscoile.
2. Stóráladh sean bhinse scoile adhmaid glas a bhí briste sa limistéar foscadh uile-aimsire. Ní raibh aon tacaíocht adhmaid ar chúl an mbinse seo, agus bhí dhá daingneán miotail ag seasamh suas. Bhí na páistí le feicéal ag súgradh sa cheantar seo, rud a bhí ina riosca tromchúiseach contúirte agus dochair.
3. Stóráladh sean bhinse scoile adhmaid dath gorm le cosa miotail a bhí meirgeacha sa limistéar foscadh uile aimsire a raibh na páistí le feiceáil ag imirt cluiche dul i bhfolach.
4. Bhí raca éadaí ard le pionnaí sa limistéar foscadh uile aimsire seo, bhí na páistí ag súgradh sa cheantar seo, agus bhí baol ann go dtitfeadh sé ar na páistí.
5. Bhí bord leadóige boird mór do dhaoine fásta le coirnéil pointeáilte suite sa limistéar foscadh uile aimsire, bhí na páistí ag imirt i bhfolach sa limistéar seo a bhí i mbaol díobhála mar go raibh airde an bhoird ag leibhéal na bpáistí agus go raibh baol contúirt agus díobhála ann.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 16/01/2025 agus 13/02/2026 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

Sábháilteacht Ghinearálta

Baineadh na míreanna go léir atá liostaithe i bpointe 1-5 ag oibríthe pobail ó Cró na bhFear agus tá an limistéar foscúil uile aimsire súgartha lasmuigh sábháilte agus slán anois do na páistí réamhscoile chun spraoi.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

Sábháilteacht Ghinearálta

Cuireadh grianghraifeanna faoi bhráid oifig na cigireachta luathbhlianta ar an 16/01/2026 agus baineadh na míreanna atá liostaithe i bpointe 1-5 ón limistéar foscadh uile aimsire lasmuigh a bhí ainmnithe do na leanaí ar chúl an áitribh.

Nóta Tráchta Achomair

Rinne an cigire athbhreithniú ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar na neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 23 (Pointe Sábháilteachta Ginearálta 1-5).

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 25 - Garchabhair

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.
- (2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—
- (a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus
- (b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) Bhí oiliúint suas go dáta ag foireann amháin i gcúrsa garchabhrach FAR (Freagróir Garchabhrach) agus bhí fianaise ar fáil ón leabhar taifead tinrimh foirne chun a chur in iúl don chigire go raibh ball foirne oilte amháin ar a laghad ar fáil do na leanaí le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse seisiúna má bhí gá.
- (2)(a) Stóráladh an bosca garchabhrach atá feistithe go cuí in áit fheiceálach sa seomra súgartha ar an bhfuinneog.
- (b) Bhí an bosca garchabhrach ar fáil sa seomra súgartha le húsáid ag na daoine fásta i gcás éigeandála.

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán

- (1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—
- (a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus
- (b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.
- (4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.

Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

- (1) (a) Bhí taifid ar fáil chun a thaispeáint go ndearnadh druileanna dóiteáin míosúla sa tseirbhís.
- (b) Bhí taifead ar líon, cineál agus cothabháil an trealaimh chomhraicthe dóiteáin agus an chórais alárim deataigh ar fáil. Reáchtáladh an tseirbhís chothabhála trealaimh dóiteáin is déanaí ar an 10/09/2025. Reáchtáladh an tseirbhís chothabhála alárim dóiteáin is déanaí ar an 10/09/2025.
- (4) Taispeánadh fógraí gníomhaíochta dóiteáin a léiríonn na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás dóiteáin ar clár na bhfógraí sa tseirbhís.

Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

Cuid VI - Sábháilteacht

Rialachán 27 – Maoirseacht

Cinnteoídh soláthraí cláraithe go ndéanfar maoirseacht i gcónaí ar leanaí réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

Ar thrí ócáid le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse ar an 7/01/2026 ní raibh maoirseacht radharc ná fuaime ar na páistí réamhscoile.

1. Ar ócáid amháin b'éigean don duine a bhí i gceannas an seomra a fhágáil ag thart ar 10.30r.n chun dul go dtí an oifig chun eochair don seid stórála lasmuigh a fháil (le haghaidh bréagáin agus trealamh súgartha) le linn an ama seo fágadh na páistí gan mhaoirseacht.
2. Ar dhá ócáid i rith an ama a bhí na páistí sa limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitreabh ag thart ar 10.40r.n agus 10.55r.n tugadh páiste chuig an leithreas sa seomra ranga taobh istigh. Fágadh na páistí eile gan mhaoirseacht radharc nó fuaim sa limistéar súgartha lasmuigh.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 19/01/2026 agus 13/02/2026 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

1. Tá sraith eochracha breise gearrtha don seid stórála sa limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitribh. Tugadh na heochracha breise don duine atá i gceannas ar an seomra súgartha réamhscoile ar an 19/01/2026, anois ní bheidh aon ghá le dul go dtí an oifig le haghaidh eochracha amach anseo.
2. Bhí cruinniú ag an oifigeach forbartha le CNNG leis an fhoireann agus le príomhoide na scoile. Tá socrú déanta le príomhoide na scoile chun cúnamh a chur ar fáil le páistí réamhscoile a thabhairt ag an leithreas más gá agus nuair is gá fad is atá siad sa limistéar súgartha lasmuigh ar an dá lá a mbeidh an duine réamhscoile i gceannas leí féin. As seo amach cinnteoidh an fhoireann freisin go bhfreastalóidh na páistí ar an leithreas sula dtéann siad amach ag spraoi.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

- 1-2. Glacadh le ráitis ón soláthraí cláraithe.

Nóta Tráchtacha Achomair

- Tá athbheithniú déanta ag an gchigire ar na gníomhartha a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainithníodh faoi Rialachán 27 pointe 1-2 .

Part VI - Safety

Regulation 28 - Insurance

A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.

Compliance Information

Bhí clúdach árachais leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile do 11 leanbh a bhí ag freastal ar sheirbhís sheisiúnach le dáta éaga 27/03/2026.

Cuid VII - Ceanglais maidir le háitribh agus Spás

Rialachán 29 - Áitribh

Cinnteoídh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—

- (b) go mbeidh sé slán sábháilte,*
- (c) go mbeidh soilsiú, téamh agus aeráil leordhóthanach ann,*
- (d) go ndéanfar é a ghlanadh, a chothabháil agus a dheisiú, de réir mar is gá, agus*
- (e) go mbeidh saoráidí sláintíochta atá leordhóthanach agus oiriúnach feistithe ann.*

Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

- (b) Ní raibh córas slán leordhóthanach ag an dá gheata adhmaid sa limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitribh nach raibh inrochtana do na páistí réamhscoile. Aithníodh go raibh bolta ar an dá gheata ach bhí siad inrochtana do na páistí réamhscoile agus do dhaoine fásta gan mhaoirseacht. Tá baol ann go dtiocfaidh strainséirí isteach agus go rachaidh leanbh réamhscoile amach.
- (c) Bhí boladh an-láidir mí thaitneamhach cosúil le séarachais sa seomra súgartha ar an 7/1/2026 in ainneoin trí fhuinneog oscailte sa seomra súgartha, níor chuir sé deireadh leis an mboladh. Bhí baol ann go ndéanfaí droch chothabháil agus go ndéanfaí dochar do na leanaí agus don fhoireann.
- (d) Bhí an limistéar súgartha lasmuigh ar chúl an áitribh gan chothabháil agus ní raibh cothabháil leordhóthanach air. Bhí baol ann go ndéanfaí tinneas nó dochar do na páistí a bhí ag imirt sa cheantar seo.
 1. Bhí na ballaí teorann daite dubh le múnla agus bhí gá le glanadh, píobáin chumhachta agus péintéail.
 2. Bhí dromchla na talún coincréite gan choinneáil agus é sleamhain le caonach in áiteacha, ina theannta sin, bhí limistéar draenála ann le carnadh puiteach, bhí glanadh agus cothabháil ag teastáil ón gceantar seo.
 3. Ní raibh na ballaí sa limistéar foscadh uile aimsire in aice leis an gclár dubh á gcothabháil go leordhóthanach agus ní raibh aon phéint ar cuid den balla agus bhí marcanna meirge le feiceáil.
 4. Bhí fiailí le feiceáil in aice leis an bhalla teorann agus bhí eidhneán ag teacht anuas ón mballa, bhí slacht agus cothabháil ag teastáil ón gceantar seo.

5. Bhí duilleoga agus duilliúr ar dhromchla na talún sa limistéar foscadh uile aimsire a raibh scuabadh agus cothabháil ginearálta ag teastáil uaidh.
- (e) Ní raibh aon limistéar athraithe clúidíní ainmnithe le báisín láimhe ainmnithe, nó aon bhosca bruscair chlúidíní aerdhíonach ar fáil sa tseirbhís réamhscoile.
- Mar sin féin, tugadh faoi deara go raibh aonad mór athraithe clúidíní stóráilte go míchuí sa limistéar sláintíochta laistigh den seomra súgartha réamhscoile. Tar éis comhrá leis an duine I gceannas agus athbhreithniú a dhéanamh ar leabhar nótaí athraithe clúidíní, is léir gur baineadh úsáid as an aonad athraithe seo i rith na bliana go dtí an iontráil dheireanach i mí na Samhna 2025. Moltar go dteastaíonn báisín láimhe amháin agus limistéar athraithe clúidíní ainmnithe amháin in aghaidh gach 11 leanbh i gclúidín.

Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Ar an 16/01/2026, 19/01/2026 agus 13/02/2026 chuir an soláthraí cláraithe an méid seo a leanas in iúl.

Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach

- (a) Tá na geataí daingnithe le córas dúbailte nua agus glas le eochair bhreise don fhoireann chun sábháilteacht na bpáistí a choinneáil agus na páistí ag súgradh sa limistéar súgartha lasmuigh.
- (c) Tá imscrúdú déanta ag duine inniúil ar an gcóras pluiméireachta sa seomra súgartha réamhscoile agus sláintíochta limistéar. Tá tuilleadh imscrúduithe sceidealta le linn na laethanta saoire scoile. -Ina theannta sin, glanadh an córas umar seipteach ar an 12/02/2026.
- (d) Pointe 1-5. Rinneadh teagmháil le duine cothabhála agus rinneadh an glanadh, an píobán cumhachta agus an chothabháil an limistéar súgartha lasmuigh ar chúil an áitribh a chur i gcrích.
- Tá na mballaí le peintéail san Earrach nuair a bhéas feabhais ar an aimsir.
- (e) Tá an t-aonad athraithe clúidíní bainte amach as an seomra sláintíochta, agus níl aon leanbh ag caitheamh clúidín sa tseirbhís faoi láthair.

Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach

- (b) Grianghraif den chóras slán ar na geataí sa limistéar súgartha lasmuigh ainmnithe ar chúil an t-áitreabh.
- (c) Tá tuairisc scríofa curtha isteach ó pluiméir inniúil/cáilithe ina leagtar amach an obair a déanadh go dtí seo agus an obair atá beartaithe le haghaidh briseadh meán téarma.
- (d) Pointe 1-5. Cuireadh grianghraif den obair a déanadh sa limistéar súgartha lasmuigh.

(e) Cuireadh grianghraf isteach ar an 10/01/2026 de limistéar sláintíochta na leanaí réamhscoile leis an aonad bainte amach as.

Nóta Tráchtacha Achomair

- Tugann na gníomhartha a rinne an soláthraí cláraithe aghaidh ar cuid de na neamhchomhlíonadh a sainaitníodh. Tá na torthaí a dhoiciméadaítear ag pointe (c) agus (d) pointe 1 agus 3 fós gan chomhlánú.
- Tá sé tugtha le fios ag an soláthraí cláraithe go bhfuil tuilleadh oibreacha le déanamh ag an pluiméir le linn na laethanta saoire.
- Ina theannta sin, beidh na ballaí sa limistéar súgartha lasmuigh le peintéail nuair a thiodfaidh feabhais ar an aimsir. Déanfar athbhreithniú ar na torthaí seo ar an gcéad iniúchadh eile.

Early Years Inspectorate Regulatory Report

Pre School

TUSLA Identifier:	TU2023GY006
--------------------------	-------------

Name of Service:	Naíonra Scoil Mhuire
-------------------------	----------------------

Address of Service:	Scoil Mhuire, Corr na Móna, Co. Galway
----------------------------	--

Eircode:	F12 WV77
-----------------	----------

Name of Registered Provider:	Ray Mac Pháidín
-------------------------------------	-----------------

Service type:	Sessional
----------------------	-----------

Date of Inspection:	07/01/2026
----------------------------	------------

No of pre-school children:	AM	8	PM	No.
-----------------------------------	----	---	----	-----

Address of the Early Years Inspectorate:	Early Years Inspectorate, Quality Assurance Directorate, Clinical & Administration Building, Block A- (1st Floor-Green Corridor), Merlin Park, Galway.
---	--

